



Ciorclán Uimh. 008/2019

Ciorclán chuig Údaráis Bhainistíochta na nIar-Bhunscoileanna go léir: Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha, agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna

Leithdháileadh do Theagasc Oideachais Speisialta

1. Achoimre ar an gCiorclán

Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna a dtugtar aghaidh orthu sa Chiorclán seo:

- Déanfar leithdháiltí Múinteoirí Oideachais Speisialta (SET) a uasdátú do scoileanna príomhshrutha ó mhí Mheán Fómhair 2019. (Cuid 2)
- Cuireadh 1,000 múinteoir oideachais speisialta (SET) breise ar fáil do scoileanna ó 2017 i leith, agus tá méadú 37% tagtha ar líon na SETanna ó 2011 i leith, ó 9,740 in 2011, go dtí 13,300 faoi láthair. (Cuid 3)
- Ní thiocfaidh aon laghdú ar líon foriomlán na bpost teagaisc san oideachas speisialta laistigh den chóras scoile. (Cuid 3)
- De bhrí go bhfuil athphróifiliú ag tarlú, gheobhaidh roinnt scoileanna leithdháiltí breise, áit a léiríonn na sonraí ón táscaire próifíle go bhfuil riachtanais bhreise ag na scoileanna sin. Gheobhaidh roinnt scoileanna leithdháiltí a bheidh beagán níos lú, áit a léiríonn na sonraí go bhfuil níos lú riachtanais ag baint leo. (Cuid 3.1). Beidh a leithdháiltí reatha á gcoinneáil ag formhór na scoileanna (70%). (Cuid 3.2)
- Tá na leithdháiltí á ndéanamh i gcomhréir le prionsabail na cothroime agus na córa a bhuntacaíonn leis an múnla nua a dearadh chun bheith freagrúil do riachtanais shainaitheanta.
- Nuair a dhéantar coigeartuithe, tiocfaidh na coigeartuithe i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. Gheobhaidh scoileanna a bhfuil leithdháileadh laghdaithe acu a leithdháileadh iomlán próifílithe móide 80% dá mír choinnithe. Is í an mhír choinnithe an chuid den leithdháileadh atá sa bhreis ar an leithdháileadh ba cheart a bheith ag an scoil de réir mar atá léirithe sa phróifíl. (Cuid 3.2)
- Déanfar na hAthruithe ar an Leithdháileadh a chaidhpeáil ag 20% den choigeartú ar an mír choinnithe a tharlódh mura gcuirfí cur chuige céimnithe i bhfeidhm. Tá na hathruithe á dtabhairt isteach de réir a chéile, chun cuidiú le scoileanna aistriú níos réidh a dhéanamh ón gcóras leithdháilte a bhí ann roimhe sin go dtí an múnla próifílithe. (Cuid 3.2)

- Chun an cur isteach is lú is féidir a dhéanamh ar leithdháiltí scoileanna, ní chuirfear méaduithe agus laghduithe beaga i bhfeidhm.
- Fanfaidh na leithdháiltí atá á ndéanamh do scoileanna le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2019 i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain, agus ina dhiaidh sin, déanfar leithdháiltí próifílithe leasaithe a bhreithniú do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2021 ar aghaidh. (Cuid 4)
- Leagtar amach sa Chiorclán mionsonraí faoi na critéir agus na sonraí ar baineadh feidhm astu chun na comhpháirteanna éagsúla de phróifíl na scoileanna a uasdátú ag an am seo. (Cuid 6 agus Cuid 7)
- Tabharfar fógra do scoileanna faoi mhionsonraí a gcuid leithdháiltí. Féadfaidh scoil achomharc a dhéanamh áit a measann siad gur baineadh feidhm as sonraí próifíle atá mícheart, nó nach ndearnadh iad a ríomh i gceart. (Cuid 9).

2. Cuspóir an Chiorcláin

Tá sé mar chuspóir ag an gCiorclán seo a chur in iúl do scoileanna go ndéanfar uasdátú ar na leithdháiltí i leith Múinteoirí Oideachais Speisialta d'iar-bhunscoileanna príomhshrutha le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2019. Chomh maith leis sin, tugtar mionsonraí sa Chiorclán maidir le na critéir a mbeidh feidhm leo i dtaca le leithdháiltí próifíle scoileanna a uasdátú ag an am seo.

Ó mhí Mheán Fómhair 2017 i leith, faoi mar a leagadh amach i gCiorclán 0014/2017 ón Roinn Oideachais agus Scileanna (DES), tugadh isteach próiseas leasaithe chun múinteoirí oideachais speisialta a leithdháileadh in iar-bhunscoileanna. Tháinig an múnla leithdháilte sin in ionad na scéime le haghaidh Tacaíocht Foghlama agus Béarla mar Theanga Bhreise (LS/EAL), ina ndearnadh leithdháileadh ginearálta acmhainní ar iar-bhunscoileanna gach bliain roimhe sin, agus phróiseas leithdháilte na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) a chuir tacaíochtaí breise do theagasc acmhainne ar fáil do scoileanna roimhe sin.

Ba cheart an Ciorclán seo a léamh i gcomhar le Ciorclán 0014/2017, inar leagadh amach mionsonraí faoin mbealach inar tugadh isteach an múnla nua leithdháilte. Leagadh amach freisin ann an bunús a bhí le tabhairt isteach an mhúnla nua leithdháilte, ar múnla é a bhí bunaithe ar mholtaí a bhí i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta: *Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: An Múnla Nua atá Beartaithe Maidir le hAcmhainní Teagaisc a Leithroinnt ar Dhaltaí a Bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (2014)*

http://ncse.ie/wpcontent/uploads/2014/09/Allocating_resources_1_5_14_Web_accessible_version_FIN_AL.pdf

Dearadh an múnla maidir le múinteoirí oideachais speisialta a leithdháileadh chun acmhainní teagaisc a dháileadh go cothrom ar scoileanna, agus na riachtanais phróifílithe atá ag gach scoil á gcur san áireamh.

Tháinig sé in ionad an mhúnla a bhí ann roimhe sin, ar measadh é a bheith éagothrom, a spreag lipéadú gan ghá a dhéanamh ar leanaí le riachtanais speisialta, ar measadh é a bheith ina fhreagra neamhbhalbh agus ina raibh diagnóis fhoirmiúil agus nós imeachta iarratais mar réamhchoinníoll chun rochtain a fháil ar acmhainní teagaisc.

Bunaithe ar chomhairle maidir le polasaí a fuarthas ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, forbraíodh an múnla nua leithdháilte chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin trí phróifíl a chruthú do gach scoil, ar próifíl í atá bunaithe ar riachtanais agus a thugann neamhspleáchas do scoileanna le gur féidir leo an bealach a n-úsáidfear na hacmhainní atá acu a chinneadh.

Chun a áirithiú go bhfuil an múnla nua freagrúil, déantar é a athbhreithniú ar bhonn rialta chun athruithe ar rolluithe agus ar phróifíl scoileanna a léiriú.

Ba cheart freisin an Ciorclán seo a léamh i gcomhar leis na *Treoirlínte le hAghaidh Scoileanna: Ag Tacú le Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu i Scoileanna Príomhshrutha*, atá ar fáil ag:

<https://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/Guidelines-for-Post-Primary-Schools-Supporting-Students-with-Special-Educational-Needs-in-Mainstream-Schools.pdf>

<https://www.education.ie/en/The-Education-System/Special-Education/supporting-students-with-special-educational-needs-key-actions-for-post-primary-schools.pdf>

Cuireadh in iúl i gCiorclán 0014/2017 ó DES go bhfágfaí na hacmhainní teagaisc breise, a bhí á gcur ar fáil ó mhí Mheán Fómhair 2017, i bhfeidhm i dtús báire ar feadh tréimhse dhá bhliain, agus go mbeadh leithdháiltí próifílithe leasaithe le déanamh ar scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh.

Dá bhrí sin, déanfar leithdháiltí leasaithe Múinteoirí Oideachais Speisialta do scoileanna le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2019.

3. Tacaíocht don Mhúnla Leithdháilte i dtaca le Múinteoirí Oideachais Speisialta

Le blianta beaga anuas, cuireadh acmhainní an-suntasacha sa bhreis ar fáil chun poist teagaisc bhreise i dTeagasc Oideachais Speisialta a sholáthar i scoileanna.

San iomlán, soláthraíodh 1,000 múinteoir oideachais speisialta sa bhreis do scoileanna ó 2017 i leith.

Tá méadú 37% san iomlán tagtha ar líon na múinteoirí oideachais speisialta atá ar fáil lena leithdháileadh ar scoileanna ó 2011, ó 9,9740 in 2011, go dtí breis agus 13,300 faoi láthair. (Cuid 3)

Chinntigh na hacmhainní breise a cuireadh ar fáil go bhfuil dóthain acmhainní ag scoileanna chun tacaíocht teagaisc sa bhreis a sholáthar do scoláirí a bhfuil riachtanais foghlama breise acu i scoileanna príomhshrutha.

Faoi láthair, tá thart ar 1 phost teagaisc oideachais speisialta bunaithe in aghaidh gach 6.75 post teagaisc i rang príomhshrutha ar fud earnáil na h-iarbhunscoile.

Tá na tacaíochtaí breise atá á gcur ar fáil ó 2017 i leith tar éis leibhéal foriomlán na dtacaíochtaí teagaisc don oideachas speisialta a mhéadú agus chomh maith leis sin tá siad tar éis cúnaimh a thabhairt do scoileanna chun aistriú ón gcóras leithdháilte a bhí ann roimhe sin, go dtí múnla nua na leithdháilte próifílithe, gan ach a laghad cur isteach agus is féidir a dhéanamh orthu.

3.1 Coigeartuithe Leithdháilte

In ainneoin an tsoláthair bhreise a cuireadh ar fáil chun múinteoirí oideachais speisialta sa bhreis a chur ar fáil do scoileanna le blianta beaga anuas, ar soláthar é a bhí cuid mhaith níos mó ná leibhéal an fháis dhéimeagrafaigh, tá an múnla leithdháilte i dtaca le Múinteoirí Oideachais Speisialta deartha chun an líon iomlán múinteoirí oideachais speisialta atá ar fáil a dháileadh an fud an chórais scoile, go tráthrialta, bunaithe ar riachtanais phróifílithe na scoileanna tráth an athbhreithnithe.

Ag céim an ath-phróifílithe, san áit a n-athraíonn líon na scoláirí, nó an phróifíl oideachais atá ag scoileanna, d'fhéadfadh athrú teacht ar leithdháiltí roinnt scoileanna.

Beidh an t-athdháileadh bunaithe ar an riachtanas a bheadh ag scoil amháin i gcomparáid le scoile eile, de réir mar a dhéantar é sin a ríomh trí na príomhshonraí táscaire atá leagtha amach i gCuid 6 agus i gCuid 7 den Chiorclán seo a fheidhmiú.

D'fhéadfadh méadú teacht ar na riachtanais a bheadh ag scoil amháin, ach d'fhéadfadh laghdú teacht ar na riachtanais a bheadh ag scoil eile. Beidh sé riachtanach na leithdháiltí do scoileanna faoi leith a choigeartú chun é sin a léiriú, agus gheobhaidh roinnt scoileanna leithdháiltí breise agus gheobhaidh roinnt scoileanna leithdháiltí laghdaithe.

Ní thiocfaidh aon laghdú ar líon foriomlán na bpost teagaisc san oideachas speisialta laistigh den chóras scoile.

Gheobhaidh roinnt scoileanna leithdháiltí breise, áit a léiríonn na sonraí táscaire próifíle go bhfuil riachtanais bhreise ag na scoileanna sin, ach gheobhaidh roinnt scoileanna leithdháiltí laghdaithe, áit a léiríonn na sonraí go bhfuil níos lú riachtanais ann.

Nuair a dhéantar coigeartuithe, tiocfaidh na coigeartuithe i bhfeidhm ar bhonn céimnithe, thar thréimhse ama.

3.2 Coigeartú Céimnithe

I gCiorclán DES 0013/2017, cuireadh in iúl do scoileanna go ndéanfar coigeartuithe ar leithdháiltí amach anseo ar bhonn céimnithe, agus go gcuirfear san áireamh iontu athruithe ar rolluithe agus ar shonraí na próifíle, ó forbraíodh na leithdháiltí tosaigh.

Dá bhrí sin, déanfar méid an athdháilte ag céim an athbhreithnithe a bhainistiú lena áirithiú nach gcuirfear as go suntasach d'aon scoil sa ghearrthéarma agus an t-athphróifíliú ag dul ar aghaidh.

Tarlóidh aon athdháileadh acmhainní ar fud an chórais scoile ar bhonn céimnithe.

Chomh maith leis sin, déanfar an tionchar a bheidh ag cur isteach gan ghá ar leithdháiltí scoile, mar thoradh ar choigeartuithe beaga ar na leithdháiltí, a íoslaghdú freisin.

Beidh na critéir seo a leanas i bhfeidhm agus athphróifíliú á dhéanamh ar leithdháiltí scoile do 2019:

- (i) I gcás go léireoidh na sonraí próifílithe athbhreithnithe go bhfuil gné choinnithe dá leithdháileadh foriomlán i leith múinteoirí oideachais speisialta ag scoil go fóill, amhail mí Mheán Fómhair 2019, coinneoidh an scoil 80% den ghné choinnithe sin. Cuirfear laghdú 20% i bhfeidhm ar an ngné choinnithe.

Gheobhaidh scoileanna an leithdháileadh iomlán atá riachtanach dá scoil de réir na próifíle. Ina theannta sin, coinneoidh scoileanna 80% den ghné choinnithe atá léirithe ina bpróifíl agus déanfar 20% de na gnéithe coinnithe a athdháileadh ar scoileanna eile a léiríonn a gcuid próifíle go bhfuil riachtanas breise acu.

- (ii) I gcás nach mbeadh ach tionchar beag ag laghdú a dhéanfaí ar aon ghné choinnithe, ceadófar don scoil an leithdháileadh atá aici faoi láthair a choinneáil gan aon choigeartú.

Dá réir sin, i gcás go léiríonn an múnla go bhfuil sé riachtanach laghdú 10 n-uair an chloig nó níos lú a dhéanamh, ní bheidh aon laghdú i gceist. Ceadófar do scoileanna na leithdháiltí atá acu faoi láthair a choinneáil. Chun laghdú 20% a dhéanamh ar an ngné choinnithe ina bhfuil 10 n-uair an chloig nó níos lú, chuirfí laghduithe dhá uair an chloig nó níos lú i bhfeidhm. Chruthódh sé sin coigeartú riaracháin ar leithdháiltí a bheadh iomarcach nuair nach mbeadh ach coigeartuithe réasúnta beag le déanamh.

Ní bheidh feidhm ag an laghdú 20% ar leithdháiltí coinnithe ach amháin i gcás scoileanna a bhfuil gné choinnithe níos mó ná deich n-uair an chloig ag baint lena leithdháileadh.

Ciallaíonn sé sin nach ndéanfar ach an cur isteach is lú is féidir ar shocruithe maidir le hearcaíocht, le himlonnú nó le cnuasú.

- (iii) Teastaíonn an múnla chun leibhéal foriomlán na n-achmhainní atá ar fáil a athdháileadh laistigh den chóras, bunaithe ar riachtanas coibhneasta scoileanna. Dé bhrí go bhfuil na coigeartuithe anuas á gcur i bhfeidhm ar bhealach bainistithe agus idirthréimhseach, faoi mar atá leagtha amach in gcodanna (i) agus (ii) thuas, chun an chothromaíocht dáilte is córa a chruthú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil lena n-athdháileadh, beidh feidhm ag na critéir chéanna maidir le haon choigeartuithe suas a dhéanfar sa phróiseas athphróifílithe.

Déanfar méaduithe do scoileanna a theorannú do 20% d'aon choigeartú suas ionchasach, d'aon scoil a mbeadh breis agus deich n-uair an chloig le gnóthú aici.

4. Athbhreithniú ar Phróifil

Fanfaidh na leithdháiltí atá á ndéanamh do scoileanna le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2019 i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain, agus ina dhiaidh sin, déanfar leithdháiltí próifilithe leasaithe a bhreithniú do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2021 ar aghaidh.

5. Próifilí Scoile

Tá leithdháileadh múinteoirí breise oideachais speisialta ar scoileanna príomhshrutha bunaithe ar phróifil oideachais na scoile, agus dhá chomhpháirt sa phróifil sin:

- Comhpháirt bhonnlíne, a chuirtear ar fáil do gach scoil príomhshrutha chun tacú le cuimsiú, cabhrú le deacrachtaí foghlama agus luath-idirghabháil, agus
- Próifil oideachais scoile, mar chomhpháirt eile, a chuireann san áireamh:
 - An líon scoláirí le riachtanais chasta atá cláraithe sa scoil.
 - Riachtanais foghlama na scoláirí faoi mar a léiríonn torthaí na dtrialacha caighdeánaithe don litearthacht agus don uimhearthacht iad.
 - Comhthéacs sóisialta na scoile lena n-áirítear míbhuntáiste agus inscne.

Déantar na leithdháiltí, atá á soláthar do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2019, bunaithe ar na táscairí próifíle atá luaite thuas, a ríomh mar seo leanas:

6. Bonnlíne

Cuimsíonn leithdháileadh bonnlíne phróifil gach scoile 20% de líon iomlán na bpost Teagaisc san Oideachas Speisialta atá ar fáil, agus iad athdháilte ar bhonn cothrom, agus go comhréireach, idir na scoileanna go léir, bunaithe ar an líon atá ar an rolla i ngach scoil.

Ba iad na sonraí a úsáideadh chun an Múnla Leithdháilte i dtaca le Múinteoirí Oideachais Speisialta a thabhairt isteach in 2017 ná na sonraí rollaithe ón mBunachar Sonraí ar Líne d'Iarbhunskoileanna (PPOD) don scoilbhliain 2015/16.

Is iad na sonraí atá á n-úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Múnla Leithdháilte i dtaca le Múinteoirí Oideachais Speisialta in 2019, ná sonraí rollaithe an PPOD don scoilbhliain 2017/18, arb iad na sonraí iomlána rollaithe is déanaí iad atá ar fáil.

Níl sa leithdháileadh bonnlíne ach comhpháirt amháin den leithdháileadh. Chun forléargas iomlán a fháil ar a leithdháileadh don teagasc oideachais speisialta, ní mór do scoileanna an leithdháileadh bonnlíne atá acu a bhreithniú, i gcomhar leis an leithdháileadh a fhaigheann siad faoi chomhpháirt na próifíle oideachais, agus tugann sé sin a leithdháileadh iomlán dóibh.

7. Próifíl Oideachais na Scoile

7.1 An líon scoláirí le riachtanais chasta atá cláraithe sa scoil.

Chun an múnla leithdháilte nua a thabhairt isteach, í Mheán Fómhair 2017, baineadh úsáid as leithdháiltí 'Íosmhinicíochta' NCSE a rinneadh do gach scoil le linn na scoilbhliana roimhe sin, 2016/17, chun comhpháirt na riachtanas casta den mhúnla leithdháilte nua a bhunú do gach scoil.

Ar mhaithe leis an múnla a uasdátú in 2019, déantar na hiontrálaithe nua sa chéad bhliain a raibh Uaireanta Teagaisc Ísealmhinicíochta (LITHanna) acu sa bhunscoil roimhe sin a shainaitheint agus a chomhaireamh mar na rolluithe nua sa ghrúpa iarbhunskoile a bhfuil riachtanais chasta acu.

Cuireann sé sin leanúnachas ar fáil laistigh den chóras, ar fud earnáil na bunscoile agus na hiar-bhunskoile, nó go dtí go mbeidh an catagóirí nua ar riachtanais chasta tagtha go hiomlán in ionad an tseanmhúnla a bhain le catagóirí ísealmhinicíochta ar leibhéal na bunscoile.

Bailíodh an t-eolas ar scoláirí a bhfuil uaireanta teagaisc ísealmhinicíochta acu agus úsáid á baint as feidhm mheaitseála sonraí. Rinneadh eolas a bhí ag an NCSE maidir le scoláirí a raibh LITHanna acu sa séú rang sa bhunscoil i mí an Mheithimh 2017 agus a bhí ag fágáil na bunscoile an bhliain sin, a mheaitseáil le heolas a bhí ag PPOD maidir leis na hiar-bhunskoileanna a ndeachaigh na scoláirí sin chucu i mí Mheán Fómhair

2017. Thug sé sin luach do líon na n-iontrálaithe nua sa chatagóir ísealmhnicíochta a bhí ag rollú in iarbhunscoileanna i mí Mheán Fómhair 2017.

Cuireadh luach 3.5 uair an chloig ar gach scoláire a comhaireadh i gcatagóir nua na riachtanas casta.

Beidh scoláirí, a bhféadfadh sé gur cuireadh uaireanta teagaisc tacaíochta ar fáil dóibh roimhe sin faoin seanmhúnla leithdháilte do theagasc tacaíochta ísealmhnicíochta, in ann breis tacaíochta teagaisc a fháil, más gá, ó leithdháileadh foriomlán próifílithe na scoile do thacaíocht teagaisc san oideachas speisialta. Má tharlaíonn sé go bhfuil riachtanais foghlama sa bhreis acu, de réir na fianaise óna bhfeidhmíocht i dtrialacha caighdeánaithe, beidh sé sin mar chuid den athbhreithniú ar phróifílí amach anseo.

Ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar an múnla in 2019, cuirfear coigeartú i dtaca le bliain amháin de shonraí maidir le riachtanais chasta scoláirí i bhfeidhm.

Cuirfear luach bunaithe ar líon na scoláirí le riachtanais chasta a rollaigh sa scoil i mí Mheán Fómhair 2017 don scoilbhliain 2017/18 i bhfeidhm.

Déanfar na leithdháiltí teagaisc tacaíochta a bhí infheidhmithe roimhe sin i gcás na bhfágálaithe scoile ísealmhnicíochta sa séú bliain don scoilbhliain 2016/17 roimhe sin a bhaint as.

Beidh an fuilleach atá fanta ina leithdháileadh nua um riachtanais chasta don chuid sin den phróifíl scoile.

Déanfar cúig cinn de na sé bliana den luach ísealmhnicíochta atá ag an scoil cheana féin a choinneáil.

Déanfar na luachanna ‘ísealmhnicíochta’ do na scoláirí eile go léir ar cuireadh leithdháiltí ar fáil dóibh roimhe seo i gcatagóir na riachtanas casta a choinneáil agus leanfar de bheith á gcoinneáil nó go bhfágfaidh scoláirí den chineál sin an scoil.

Tá an NCSE tar éis sonraí faoi fhágálaithe scoile a bhí ag fáil uaireanta ísealmhnicíochta NCSE do scoilbhliain 2016/17 a chur ar fáil freisin.

Is mar seo a leanas a bheidh luach nua an Riachtanais Chasta do gach scoil ó mhí Mheán Fómhair 2019 ar aghaidh:

- **Luach na Riachtanas Casta reatha do gach scoil**
- **+ Móide luach líon na scoláirí a bhfuil LITHanna acu sa séú rang sa bhunscoil i mí an Mheithimh 2017 meaitseáilte leis na hiarbhunscoileanna ar rollaigh na scoláirí sin iontu i mí Mheán Fómhair 2017.**
- **-Lúide luachanna leithdháilte na n-acmhainní ísealmhnicíochta don líon scoláirí a bhí faoi mhíchumas ísealmhnicíochta agus a d'fhág an scoil i mí an Mheithimh 2017.í**

Riachtanais Chasta atá ag teacht Chun Cinn

Léiríonn breithniú ar na sonraí go bhfuil na riachtanais atá ag teacht chun cinn thar thréimhse na scoilbhliana, i gcás míchumas ísealmhnicíochta, ag teacht nach mór leis an gcion foriomlán de leithdháiltí ísealmhnicíochta a tugadh do scoileanna.

Cuirtear na leithdháiltí do Theagasc Oideachais Speisialta i scoileanna, lena n-áirítear próifíl bhonnlíne agus oideachais, ar fáil chun iomlán an teagaisc oideachais speisialta sa scoil a shásamh, lena n-áirítear do scoláirí a bhfuil riachtanais acu, ar riachtanais iad atá ag teacht chun cinn, nó scoláirí atá ag aistriú chuig scoileanna le linn thréimhse an mhúnla.

Meastar sna leithdháiltí foriomlána a chuirtear ar fáil do scoileanna i dtaca le hoideachais speisialta go dtiocfaidh roinnt riachtanas chun cinn thar thréimhse an mhúnla. Cuirtear acmhainní ar fáil do scoileanna chun soláthar a dhéanamh do riachtanais den sórt sin a thiocfaidh chun cinn, laistigh d'iomláine na leithdháilte.

Den chuid is mó, áit a bhfuil scoláirí ag bogadh laistigh den chóras scoile, meastar go mbeidh an líon scoláirí nua atá ag teacht chun na scoile agus a bhfuil riachtanais acu ar riachtanais iad atá ag teacht chun cinn nó a bhfuil riachtanais bhreise acu mórán ar aon dul le líon na scoláirí atá ag fágáil. Tá an leithdháileadh próifílithe atá á chur ar fáil don scoil, a bhfuil leithdháileadh bonnlíne san áireamh laistigh de, ceaptha chun

soláthar a dhéanamh dó sin. Dá bhrí sin, ní dhéanfar coigeartuithe ar phróifíl fhoriomlán na scoile thar thréimhse an mhúnla chun gnáthbhogadh scoláirí, ná scoláirí a bhfuil measúnú déanta orthu mar scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu, a chur san áireamh.

I gás go dtagann cúinsí eisceactúla chun cinn, sa mhéid agus go n-athraíonn próifíl scoile ar bhealach nach bhféadfaí a thuar, tá próiseas athbhreithnithe ar fáil chun é sin a bhreithniú agus na leithdháiltí i gcomhair scoileanna a choigeartú de réir mar is gá.

Leithdháileadh Próifílithe

De bhrí go bhfuil leithdháileadh iomlán i gcomhair acmhainní teagaisc don oideachas speisialta á sholáthar do scoileanna, bunaithe ar an leithdháileadh próifílithe atá ag gach scoil, tá an córas leithdháilte bogtha ó cheann inar cuireadh leithdháiltí breise ar fáil do scoileanna bunaithe go príomha ar dhiagnóis riachtanas speisialta oideachais a bheith déanta ar leanaí aonair.

Cuireann an múnla leithdháilte leithdháileadh iomlán ginearálta d'acmhainní teagaisc don oideachas speisialta ar fáil do scoileanna, bunaithe ar riachtanais phróifílithe na scoileanna, de réir mar atá siad léirithe ag sraith de phríomhtháscairí sonraí.

Táscaire amháin den chineál sin is ea an líon scoláirí a bhfuil riachtanais chasta acu. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur táscaire luacha é sin a dearadh mar chúnamh d'fhorbairt próifíle scoileanna. Níl sé i gceist go ndéanfaí gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici a chomhaireamh.

Tá sé i gceist go gcuirfeadh an táscaire luacha maidir le riachtanais chasta táscaire ar fáil ar dháileadh scoláirí ar fud earnáil na scoileanna príomhshrutha agus go ndéanfaí é sin a aithint i bhforbairt phróifíle oideachais na scoileanna.

Níl sé i gceist go ndéanfaí iarracht sna próifíle scoile gach leanbh i ngach scoil a bhfuil diagnóis ar riachtanais speisialta oideachais aige nó aici a aithint agus a chomhaireamh, nó go gcuirfí luach i bhfeidhm ar gach scoláire den sórt sin ar bhealach a bheadh cosúil leis an múnla iarratais agus leithdháilte saincheaptha aonair a bhí i bhfeidhm roimh 2017.

Mar sin, cuireann an próiseas leithdháilte nua ina bhfuil próifíle scoileanna leithdháileadh acmhainní teagaisc don oideachas speisialta ar fáil do scoileanna bunaithe ar tháscairí sonraí phróifíle na scoile.

Cuireann sé sin leithdháileadh próifílithe ar fáil do scoileanna ina bhféadfaidh scoileanna am teagaisc sa bhreis a leithdháileadh ar scoláirí a bhfuil sé de dhíth orthu gan é a bheith de cheangal orthu diagnóis ar mhíchumas a bheith acu chun rochtain a fháil ar am breise teagaisc.

Tá sé de rogha ag scoileanna, i gcomhréir leis na treoirlínte, an bealach a ndáileann siad acmhainní faoin múnla seo a chinneadh, bunaithe ar riachtanais faoi leith na scoláirí. Ní dearnadh aon laghdú ar leithdháiltí a thugtar do scoileanna maidir le haon scoláirí a raibh leithdháileadh riachtanas speisialta ísealmhnicíochta á fháil roimhe sin acu sa scoil sin, a fhad atá an scoláire ag freastal ar an scoil sin.

Coigeartuithe

Gach bliain, de réir mar a dhéantar an múnla a uasdátú, is iad an cohórt nua scoláirí a aithnítear mar scoláirí a rollaigh sa chéad bhliain i ngach scoilbhliain ó 2017/18 ar aghaidh, na scoláirí a dhéanfar a chomhaireamh mar an tsraith sonraí nua do scoláirí nua a bhfuil riachtanais chasta acu agus atá ag rollú i scoileanna.

Déanfar coigeartuithe freisin do scoláirí a raibh leithdháiltí do theagasc tacaíochta ísealmhnicíochta acu roimhe sin agus a fhágann an scoil gach bliain.

Sa chomhthéacs sin, beidh sé riachtanach go fóill mar ghné de na socruithe leasaithe, go gcuirfeadh scoileanna an NCSE ar an eolas faoi fhágálaithe scoile.

7.2 Torthaí Trialacha Caighdeánaithe

Ar mhaithe leis an múnla leithdháilte a thabhairt isteach in 2017, de bhrí nach raibh sonraí trialacha caighdeánaithe ar fáil go fóill d'iar-bhunscoileanna, baineadh úsáid as torthaí an Teastais Shóisearaigh i mBéarla agus sa Mhatamaitic. Is iad sonraí thorthaí an scrúdaithe i mBéarla agus sa Mhatamaitic na torthaí a léiríonn na scóir a baineadh amach sa litearthacht agus san uimhearthacht agus chuir an Foras Taighde ar Oideachas i bhfeidhm ar bhealach céimnithe iad chun luach a chruthú do gach scoil.

Baineadh feidhm as comhiomlán thorthaí na dtrialacha do Theastas Sóisearach na hiar-bhunscoile thar na blianta 2013, 2014, agus 2015 sa chéad chéim de thabhairt isteach an mhúnla leithdháilte nua.

I gcás an athbhreithnithe a dhéanfar ar an múnla in 2019, bainfear feidhm freisin as scóir an Bhéarla agus na Matamaitice sa Teastas Sóisearach do 2016 agus 2017.

Tá úsáid chomhiomlán sonraí do thréimhse ceithre bliana ceaptha chun pictiúr níos cruinne de phróifíl oideachais na scoile a chur ar fáil thar thréimhse ama, agus freisin chun a áirithiú nach ngearrfar pionós ar scoileanna as ucht a gcuid feidhmíochta a fheabhsú go ginearálta, nó thar thréimhse ghearr ama.

7.3 An Comhthéacs Sóisialta: Míbhuntáiste

I gcás an athbhreithnithe a dhéanfar ar an múnla in 2019, is iad na sonraí atá á n-úsáid chun comhpháirt an mhíbhuntáiste a uasdátú ná an Bunachar Sonraí ar líne d'Iar-bhunscoileanna (POD) agus sonraí na Príomhoifige Staidrimh (CSO) ón Daonáireamh Náisiúnta faoi mar atá léirithe in Innéacs HP Pobal do Cheantair Bheaga, mar a léirítear in Innéacs Díothachta Hasse Pratschke (Innéacs HP) ar modh é chun an rachmas nó an míbhuntáiste coibhneasta atá i gceantar geografach ar leith a thomhas.

I measc na n-athróga a mbaintear feidhm astu chun an tInnéacs HP a chur le chéile, tá siad siúd a bhaineann le fás déimeagrafach, cóimheasa spleáchais, leibhéal oideachais, róphlódú, aicme sóisialta agus rátaí gairme agus dífhostaíochta. Déantar na sonraí sin a chur le sonraí daltaí, atá anaithnidithe agus comhiomlánaithe maidir le ceantair bheaga, chun eolas a sholáthar maidir le leibhéal coibhneasta an dianmhíbhuntáiste sa chohórt daltaí i scoileanna faoi leith.

7.4 An Comhthéacs Sóisialta: Inscne

Cuirtear difreálaigh inscne san áireamh go fóill sa mhúnla leithdháilte i dtaca le múinteoirí oideachais speisialta trí ualú beag sa bhreis a thabhairt don inscne bunaithe ar an líon buachaillí atá ag freastal ar gach scoil. Dá bhrí sin, cuirfeadh an phróifíl inscne do gach scoil, i.e. an líon buachaillí atá ag freastal uirthi, san áireamh san ualú do gach scoil.

7.5 Tacaíocht don Bhéarla mar Theanga Bhreise (EAL)

Cuireann an múnla maidir le leithdháileadh do Theagasc Oideachais Speisialta leithdháileadh teagaisc bonnlíne ar fáil do gach scoil mar chúnamh do scoláirí a bhfuil deacrachtaí foghlama agus litearthachta acu, lena n-áirítear iad sin a thagann chun cinn mar thoradh ar riachtanais a bhaineann leis an mBéarla mar Theanga Bhreise (EAL).

Léireoidh scóir na dtrialacha caighdeánaithe a bhfuil cuid den phróifíl bunaithe orthu an áit a bhfuil deacrachtaí litearthachta ag scoláirí. Ina theannta sin, chuir an suirbhé ar chomhthéacs sóisialta do bhunscoileanna riachtanais EAL i scoileanna san áireamh a bheag nó a mhór. Dá bhrí sin, cuireann an leithdháileadh próifílithe do scoileanna riachtanais EAL i scoileanna san áireamh.

7.6 Leithdháiltí Breise do Scoileanna a bhfuil Bailiú Ard Scoláirí iontu a dteastaíonn Tacaíocht Teanga Bhreise (EAL) uathu

Féadfaidh scoileanna ina bhfuil líon suntasach de na scoláirí atá ar an rolla ina scoláirí a dteastaíonn tacaíocht teanga bhreise (EAL) uathu agus a bhfuil níos lú ná leibhéal inniúlachta B1 (Leibhéal 3) achomharc a dhéanamh leis an mBord Neamhspleách um Achomhairc do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile chun breis acmhainní a fháil. Tá na nósanna imeachta maidir le hachomharc a dhéanamh leagtha amach sna ciorcláin bhliantúla a bhaineann le soláthar foirne.

8. Iar-bhunscoileanna Táillí

Nuair a tugadh isteach an múnla nua leithdháilte, choinnigh scoileanna táillí na leithdháiltí a bhí acu mar leithdháiltí múnla próifílithe.

Baineadh feidhm as na leithdháiltí a bhí ann cheana féin chun leibhéal socraithe de leithdháileadh acmhainní a chruthú do scoileanna den sórt sin. I ngnáthbhliain, ba cheart go mbeadh líon na scoláirí a rollaíonn agus riachtanais chasta acu mórán ar aon dul le líon na scoláirí atá ag fágáil agus a bhí sa chatagóir theagaisc tacaíochta ísealmhnicíochta roimhe sin.

Déanfar na leithdháiltí atá ann cheana féin do scoileanna táillí a choinneáil arís ó 2019 chun soláthar a dhéanamh do leithdháiltí i leith múinteoirí oideachais speisialta sna scoileanna sin.

Ina inthosca ina féidir le scoileanna táillí a léiriú go bhfuil an líon scoláirí atá ar a gcuid rollaí a bhfuil riachtanais chasta acu a éilíonn cláir foghlama atá saincheaptha agus difreáilte, ar cláir iad a bhfuil difríochtaí suntasacha idir iad agus cláir a bpiaraí, cuid mhaith níos airde ná líon na bhfágálaithe atá faoi mhíchumas ísealmhnicíochta, féadfaidh scoileanna den sórt sin teagmháil a dhéanamh leis an NCSE.

9. Iomlán an leithdháilte phróifílithe

Tá sé i gceist go gcinnteoidh an leithdháileadh próifílithe iomlán atá á sholáthar do gach scoil leibhéal socraithe tacaíochta teagaisc don oideachas speisialta i ngach scoil ionas gur féidir tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar do gach scoláire ina scoil a bhfuil riachtanais aitheanta acu, lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfadh a bheith ar na rollaí sa todhchaí.

Tá mionsonraí faoin tslí ina ndéantar an dáileadh próifíle iomlán a chur i bhfeidhm do na hiarbhunscoileanna go léir ar fáil in Aguisín 1.

10. An Próiseas Achomhairc

Beidh an NCSE ag cur a gcuid leithdháiltí in iúl do scoileanna i bhfoirm litreach agus trína bhfoilsíú ar an suíomh gréasáin. Leagfar amach sonraí maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe/achomhairc mar chuid den fhógra sin agus déanfar iad a fhoilsíú ar shuíomh gréasáin an NCSE www.ncse.ie

Déanfar cúinsí ina measann scoileanna go ndearnadh a bpróifíl scoile a ríomh go hearráideach a bhreithniú san achomharc, agus úsáid á baint as na sonraí a leagtar amach sa chiorclán seo. Féadfar achomharc a chur isteach chun go ndéanfaí athbhreithniú ar an bhfaisnéis a úsáideadh chun an leithdháileadh a ríomh.

I gcás go dtagann cúinsí eisceachtúla chun cinn thar shaolré an mhúnla, sa mhéid agus go n-athraíonn próifíl scoile ar bhealach nach bhféadfaí a thuar, tá próiseas athbhreithnithe eile ar fáil chun é sin a bhreithniú agus na leithdháiltí i gcomhair scoileanna a choigeartú de réir mar is gá.

11. Slánú

Do scoileanna a mbeidh leithdháileadh breise á fháil acu faoin bpróiseas leithdháilte nua, déanfar na leithdháiltí a shlánú go haonaid 2.5 uair an chloig, chun leithdháiltí do scoileanna a shimpliú.

I gcás scoileanna a bhfuil laghdú á dhéanamh ar an ngné coinnithe dá leithdháileadh, déanfar na leithdháiltí nua a shlánú go dtí an 0.50 uair an chloig is gaire.

Coimeádfaidh scoileanna nach bhfuil leithdháiltí coigeartuithe á bhfáil acu na leithdháiltí atá acu cheana féin.

12. Líonadh na bPost

Ba cheart poist do Theagasc Oideachais Speisialta a líonadh de réir na socrúithe foirne agus ath-implonaithe a bheidh leagtha amach sa Sceideal don Soláthar Foirne in Iar-Bhunscoileanna i scoilbhliain 2019/20.


Féadfar rochtain a fháil ar an gclár seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie

Eddie Ward
Príomhoifigeach
An tAonad Oideachais Speisialta

Feabhra 2019

Aguisín 1: Iomlán an leithdháilte Próifíle

Cé go mbeidh éagsúlachtaí sna leithdháiltí aonair do gach scoil ar leith, bunaithe ar an líon scoláirí i ngach scoil a cháilíonn i ngach catagóir ina bhfuil leithdháileadh próifíle á dhéanamh, is mar seo a leanas a bheidh leithdháileadh na n-acmhainní iomlána don athdháileadh, bunaithe ar an múnla leithdháilte próifílithe d'iar-bhunscoileanna:



Bonnlíne

Beidh an leithdháileadh Bonnlíne de gach próifíl scoile comhdhéanta de 20% de líon iomlán na bpost do theagasc oideachais speisialta atá ar fáil, á n-athdháileadh go cothrom ar na scoileanna go léir sa scoilbhliain, bunaithe ar an líon ar an rolla i ngach scoil don scoilbhliain 2017/18, an bhliain ina bhfuil fáil ar na sonraí rollaithe iomlána is déanaí.

Riachtanais Chasta

De bhrí gur coinníodh na leithdháiltí ísealmhínicíochta do 2016/17 d'iar-bhunscoileanna, chun comhpháirt na Riachtanas Casta a chruthú do thabhairt isteach an mhúnla nua leithdháilte ó mhí Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh, den chéad uair ó forbraíodh na próifílí scoile in 2017 tá tuairim is

60% de líon iomlán na bpost Acmhainne/Tacaíochta Foghlama a leithdháileadh ar scoileanna don scoilbhliain 2016/17 in úsáid do chomhpháirt phróifil na Riachtanas Casta.

De réir mar a tháinig méadú ar líon na scoláirí a ndéantar iad a mheas gach bliain mar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ísealmhnicíochta acu, tá an líon scoláirí atá ag aistriú chuig an iar-bhunscoil ón séú rang sa bhunscoil níos airde ná an líon scoláirí ón séú bliain atá ag fágáil na iar-bhunscoile agus a raibh leithdháiltí ísealmhnicíochta acu.

Ar an gcúis sin, tá an leithdháileadh iomlán do riachtanais chasta ar leibhéal na hiar-bhunscoile méadaithe ó 61% in 2017, go 63% in 2019.

Ó mhí Mheán Fómhair 2019, tá tuairim is 63% den líon iomlán post don teagasc oideachais speisialta á n-úsáid do chomhpháirt phróifil na Riachtanas Casta.

Torthaí Trialacha Caighdeánaithe

Is ionann agus thart ar 11.6% den leithdháileadh iomlán d'iarbhunscoileanna an riar de na hacmhainní atá á soláthar do thorthaí Trialacha Caighdeánaithe faoin bpróifil scoile.

Míbhuntáiste

Tá thart ar 3.10% den leithdháileadh próifílithe iomlán d'iar-bhunscoileanna á leithdháileadh chun freastal ar roinnt den leithdháileadh do mhíbhuntáiste. Athróidh sé sin ó scoil go scoil, ag brath ar chomhthéacs sóisialta gach scoile.

Inscne

Tá thart ar 2.15 % den leithdháileadh próifílithe iomlán d'iar-bhunscoileanna á chur ar fáil chun freastal ar roinnt den leithdháileadh d'inscne.

Athróidh an dáileadh leithdháilte iarbhir ó scoil go scoil ag brath ar an líon scoláirí atá laistigh de gach catagóir den phróifil.